

Creat-chomhaontú maidir le comhroinnt sonraí cuimhne aistriúcháin a ghintear mar thoradh ar dhoiciméid Riaracháin Phoiblí a aistriú.

1. RÉAMHRÁ.

Ó glacadh an chéad sraith rialacha maidir le hathúsáid faisnéise earnála poiblí in 2003, tá méadú as cuimse tagtha ar líon na sonraí a ghintear ar fud an domhain, agus tá cineálacha nua sonraí á nginiúint agus á mbailiú i gcónaí.

Ag an am céanna, táimid ag maireachtáil trí thréimhse síor-éabhlóide ar theicneolaíochtaí próiseála teanga le haghaidh anailís, saothrú agus próiseáil sonraí.

Tugann an éabhlóid thapa teicneolaíochta seo an deis dúinn seirbhísí agus feidhmchláir nua a chruthú, bunaithe ar shonraí a úsáid, a chomhbhailiú nó a chumasc.

Is féidir na méideanna ollmhóra sonraí nó sonraí móra seo, a bhailítear le huirlisí éagsúla teicneolaíochta nó a asbhaintear as bailiúcháin mhóra faisnéise i bhformáidí éagsúla, cineálacha nua eolais a ghiniúint sna hearnálacha is éagsúla, ach ag an am céanna cothaíonn sé fadhbanna maidir le húinéireacht sonraí agus conas a úsáidfear na sonraí feasta.

Táirgeoirí móra sonraí is ea na Riarthóirí Poiblí (RPanna) agus na comhlachtaí agus na heintéitis a chomhdhéanann an earnáil poiblí, agus tá na sonraí sin an-úsáideach do thionscail próiseála (nádúrtha) teanga. Gineann Riarthóirí Poiblí méideanna ollmhóra sonraí le linn chomhlíonadh a ndualgas. Is féidir le húsáid agus saothrú na sonraí sin a bheith ina mhórábhar spéise don RP féin agus don tionscal.

Is féidir cinnteoireacht poiblí a éascú agus beartais poiblí a dhéanamh níos éifeachtaí tríd an úsáid a bhaineann RPanna as na sonraí seo mar aon le mianadóireacht sonraí, teicnící sonraí móra agus teicneolaíochtaí nádúrtha próiseála teanga.

Is éard atá i gceist an Creat-chomhaontú a bheith ina mholadh do Bhallstáit chun ceadúnais oscailte a chur i bhfeidhm trína gcuirfear deireadh le baic dhlíthiúla ionas gur féidir na cineálacha seo sonraí a chorprú in eolas nua a chruthófar.

Tá sé ina chleachtas reatha anois ag rialtais, corparáidí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla a tháirgeann sonraí poiblí dul i muinín na gceadúnas seo – go háirithe modúlachtaí PDDL, GPL agus Creative Commons (CC) ina dtarscaoiltear gach ceart ar bhunachair shonraí - mar mheicníocht oiriúnach chun tús áite a thabhairt d'úsáid agus d'athúsáid na méideanna móra sonraí seo.

2. An fáth le Creat-chomhaontú Eorpach maidir le Comhroinnt Sonraí a bhainistiú.

Cúiseanna le creat-chomhaontú chun sonraí ó chuimhne aistriúcháin a chomhroinnt.

2.1. An cur chuige ginearálta.

Ní comhaontú teagmhasach, eipeasóideach ná críochnaitheach é FATDS (**Creat-chomhaontú** maidir le Sonraí **TMX** a **Chomhroinnt**). Ina áit sin, freagraíonn sé riachtanas a bhfuil bunchúiseanna éagsúla aige. Gineann Riaracháin Phoiblí Eorpacha na mílte aistriúchán gach lá, agus gintear leis na haistriúcháin sin bunachair shonraí a chaitear a eisiúint mar sonraí cheana féin faoi shainordú dlí (Treoir Eorpach um Shonraí Oscailte).

Tá dhá phointe a bhaineann leis seo go sonrach a léiríonn nach bhfuil comhthoil bhunúsach ann maidir le rialachán leordhóthanach agus bainistíocht ar fhadhbanna a bhaineann le comhroinnt sonraí a ghintear trí théacsanna a thagann ó riaracháin poiblí a aistriú. Tá sé seo ar **cheann de na hearnálacha a ghineann na méideanna sonraí is mó** den chineál seo le linn ghnó an lae. Is é an earnáil seo, leis, is mó a infheistíonn i mbonneagair stórála sonraí ar fud an domhain. Dírimid thar aon ní eile ar na sonraí a ghineann cuimhní aistriúcháin i gcás doiciméid atá faoi úinéireacht Riarachán Poiblí, i

bhfianaise riachtanais an lucht riartha, agus an fhlúirse teangacha ní amháin laistigh de chríoch nó tír amháin ach sna tíortha uile atá san AE.

Tá sé an-tábhachtach na moltaí maidir le hathúsáid sonraí agus idir-inoibritheacht san earnáil Riaracháin Phoiblí a chomhlíonadh. Agus tá sé chomh tábhachtach céanna coinníollacha a leagan amach maidir leis an athúsáid agus an idir-inoibritheacht.

Gan amhras, ba é an staid optamach na sonraí a bheith lán-insroichte agus gan ceadanna ar leith a bheith de dhíth chun iad a athúsáid, mar atá leagtha síos faoin Treoir Eorpach um Shonraí Oscailte.

Mar sin féin, ar mhaithe le hinrochtaineacht agus athúsáid, is gá dálaí áirithe a bheith ann, agus sin an fáth a bhfuil gá le ceadúnais - sa chás seo ba chóir do chuimhní aistriúcháin a bheith chomh hoscailte agus is féidir. Is é ár dtosaíocht creat gníomhaíochta a bhunú a thaobhaíonn le scaipeadh agus athúsáid ar shlí níos forleithne.

Comhairlítear go tréan gan cineálacha eile ceadúnas a ghiniúint, ach a mhalairt ar fad, agus na cineálacha a shimplí, mar a mholtar sa Chlár Oibre Digiteach Eorpach (Coimisiún Eorpach, 2010).

Faoi láthair, tá dhá phríomhrogha idirnáisiúnta ann trína gcuirtear úsáid ceadúnas chun cinn i dtaca le sonraí agus faisnéis, agus a rialaíonn agus a chuireann rochtain agus úsáid saor in aisce na faisnéise chun cinn. Is iad na ceadúnais seo Creative Commons (CC), Apache 2 agus GPL agus ODC. Baineann Creative Commons le sonraí agus le doiciméid eile, ach ní úsáidtear an dá cheann eile ach amháin i réimsí na sonraí. Léiríonn an treocht idirnáisiúnta go bhfuil samhlacha ceadúnais oscailte, bunaithe go príomha ar CC, á n-úsáid chun coinníollacha rochtana agus úsáid sonraí a rialú, ach le héagsúlacht atá oiriúnaithe d'airí gach tairsí sonraí agus gach tíre ina gcuirtear chun feidhme iad.

Téann sé seo chun leas Riaracháin atá ag éirí níos digití an t-am ar fad a bhfuil ar a chumas **tionchar a ghníomhartha i dtéarmaí an toraidh shóisialta ar infheistíocht a thomhas**, arb é sin aidhm gníomhaíochtaí amhail an Chuimhne Lárnach Náisiúnta agus

Eorpach Aistriúcháin (NEC TM) tríd an gCreat-chomhaontú seo maidir le sonraí a chomhroinnt a ghineann cuimhní aistriúcháin ó théacsanna a aistrítear ar son Riaracháin Phoiblí.

Mar sin, ós rud é nach bhfuil aon chomhthoil ann faoi láthair faoin tslí le rialú a dhéanamh ar phróiseáil, úsáid agus comhroinnt sonraí ó chuimhní aistriúcháin a ghintear mar thoradh ar riachtanais foilseacháin Riaracháin Phoiblí, is féidir go molfar rogha neamhfheastalach, ag tagairt do dhlíthe sonracha de nádúr ginearálta atá ann faoi láthair i ngach mBallstát. Is rogha níos fearr é rialachán ar leith maidir leis an tsaincheist seo, i bhfoirm samhail rialála a mholtar leis seo agus atá bunaithe ar “caighdeán bhoga”, de chineál aontaobhach, neamhcheangailteach agus cur chuige praiticiúil ar nós CREAT-CHOMHAONTÚ.

Taobhaíonn FATDS leis an dá thaobh sa phróiseas seo, an Riarachán Poiblí agus na díoltóirí. Ar dtús, soiléiríonn sé go bhfuil fadhb ann maidir le sonraí cuimhní aistriúcháin a chomhroinnt, gur fadhb mhór é do na heagraíochtaí i dtrácht agus gur gá gníomhú ina leith, agus diúltú do bharrachas agus do mhí-úsáid. Sa dara háit, molann FATDS creat comhlántach ar leith le haghaidh rialú, chomh maith le bainistíocht sholúbtha chórasach, atá in-oiriúnaithe do gach Riarachán, d'eintéitis phríobháideacha agus do Bhallstáit.

Chuir sin, moltar go láidir agus meastar go bhfuil sé riachtanach ar mhaithe le sochaí atá ag éirí buartha faoi luach na sonraí a ghineann sí go gcuirfí na sonraí ar fáil don chonraitheoir freagrach nó do chomhlacht lárnach i ngach Ballstát, i gcás gach ceann de na conarthaí seirbhíse aistriúcháin a chuirtear i gcrích, ionas go gcuirfear ar fáil ní amháin téacs nó doiciméid an aistriúcháin i dtrácht ach lena chois sin an chuimhne aistriúcháin a ghintear mar thoradh ar an bpróiseas.

Ar an tslí chéanna, a bhuíochas le feidhmiú bhunachar sonraí NEC TM, tá coinníollacha leagtha síos chun athúsáid na gcuimhní aistriúcháin seo a éascú, i ngeall ar a insroichte atá siad, agus thar aon ní eile, de bhrí nach mbeidh siad faoi réir srianta teicniúla ná dlíthiúla a theorannódh nó a chuirfeadh bac ar a leithéid d'athúsáid.

3. Ilghnéitheacht fhadhb na comhroinnte sonraí i gcás cuimhní aistriúcháin a ghineann Riaracháin Phoiblí: an chosaint a thugann FATDS.

Sa chiall chruinn dá nádúr dlíthiúil, tá an Creat-chomhaontú seo ceaptha le bheith ina Chomhaontú a chuirfear chun feidhme de réir chleachtais agus nósanna imeachta gach Ballstáit agus go gcuirfear san áireamh cleachtais atá coitianta cheana féin agus arb eol do dhíoltóirí sa tionscadal aistriúcháin iad.

Ar bhonn na nithe thuas, is léir nach féidir Creat-chomhaontuithe a chur i bhfeidhm go dlíthiúil láithreach amhail is gnáthmhír reachtaíochta Comhphobail iad, ó fhoinse fhéinrialaitheach sa chás seo, agus nach féidir ach oiread a éifeachtúlacht a mheas faoina luach. Ar bhonn deonach amháin a chomhlíonfar an comhaontú seo, agus braithfidh sé go huile is go hiomlán ar chumhacht na n-ábhar sínithe chun na heagraíochtaí a cheangal.

Mar sin, táthar ag súil gur ionstraim phraiticiúil a bheidh in FATDS, i bhfoirm Chomhaontú Féinrialaitheach, is é sin le rá gur sraith treoirlínite treoracha a bheidh ann ina sonrú rialacha éifeachtacha maidir le sonraí a bhainistiú, a lárú agus a chomhroinnt, agus mar sin ní bheidh sa Chreat-chomhaontú ach comhlánú agus é sin amháin ar reachtaíocht Chomhphobail agus náisiúnta.

Sa tslí seo, féadfaidh Comhaontú neamh-normatach, amhail FATDS, a bheith, agus is amhlaidh atá sé, ina ionstraim úsáideach chun nithiúlacht agus soiléiriú a dhéanamh ar léirmhíniú comhroinnt sonraí a ghintear le cuimhní aistriúcháin a chruthaítear mar thoradh ar obair a rinne tairgeoirí/díoltóirí.

Is é feidhm FATDS, mar sin, soiléiriú agus sonrú a dhéanamh ar chearta Riarachán Poiblí chun gach sonraí a ghintear i gconarthaí aistriúcháin a iarraidh, mar aon lena n-úinéireacht ar na téacsanna bunaidh agus ar an aistriúchán mar sheirbhís faoi chonradh agus díorthaithe ó bhuntéacs, a léiríonn comhthoil na ngníomhairí i dtrácht, a thuigtear ar lámh amháin mar na cuideachtaí tairgthe (na díoltóirí) agus ar an lámh eile mar an

comhlacht riaracháin ó gach Ballstát agus ar deireadh an comhlacht lárnach den AE a chinnfear chun na críche seo.

Sa chiall seo, ba chóir a chur san áireamh go léiríonn formhór na gcumraíochtaí creidiúnaithe den tsamhail nó den pharadaím dlíthiúlachta seo go bhfuil ionstraimí ann nach féidir, gan cloí le cineálacha traidisiúnta normacha dlíthiúla, a fhágáil as an áireamh ó dhomhan an dlí ach oiread, agus mar sin ón nádúr éigeantach, d'fhonn gealltanais docht a léiriú i gcás na n-ábhar sínithe a chomhlíon an Conradh Seirbhísí i bhfeidhmiú a n-inniúlachtaí faoi nós imeachta atá tuartha go dlíthiúil, ag cur i bhfeidhm ionstraim ar a bhfuil bronnta íosleibhéal dlíthiúlachta nó dlíthiúlacht choibhneasta.

Díríonn ábhar bunúsach FATDS níos nó ar shamhlacha agus ar threoirlínte a bhunú, a fhágann gur ionstraim thipiciúil den Dlí Machnamhach é.

Ar deireadh, tá an pharadaím rialála a chuirtear i gcrích le FATDS frámaithe ar leibhéal laistigh de na cuir chuige nua agus na modhanna nua rialála agus gníomhaíochta atá molta faoi láthair, agus leis an AE ar nós leis dul i muinín ionstraimí a dhéanann cleachtas de riail an dlí mar mhalairt ar rialacha breise a bhunú, inár gcás ag sainmhíniú rochtain, úsáid agus athúsáid fhéideartha na faisnéise atá cuimsithe sna bunachair shonraí atá faoi rialú dlí, agus trí chonarthaí agus/nó trí cheadúnais.

Ón gComhphobal, is ionann foilsiú na cumarsáide ar shonraí oscailte agus togra an Choimisiúin Eorpaigh maidir le leasú agus beartas chun sonraí a chur ar fáil ar shlí níos oscailte agus margadh faisnéise a chur chun cinn, margadh bunaithe ar an gceadú do Threoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Samhain 2003 maidir le faisnéis eanála poiblí a athúsáid.

Ní mór dúinn a chur leis seo an t-athbhreithniú a rinneadh ar an Treoir um Fhaisnéis Eanála Poiblí a Athúsáid, a tugadh isteach ag deireadh 2011, atá ina chuid den Chlár Oibre Eorpach Digiteach, tionscnamh atá ar bun ag an gCoimisiún Eorpach (2010). Tá an clár oibre seo dírithe ar bhuntáiste a thabhairt do sheirbhísí ar líne laistigh den Aontas, agus tús áite a thabhairt do shonraí poiblí a chur ar fáil lena n-athúsáid, an

córas ceadúnaithe do mhalartú ábhair a shimpliú agus caighdeáin idir-inoibritheachta a chur i bhfeidhm.

5. Rogha rialála FATSD

Ceanglaíonn Treoracha 2003 agus 2013 maidir le Sonraí Earnála Poiblí a Athúsáid caitheamh ar shlí ar leith le sonraí poiblí atá i seilbh comhlachtaí poiblí san Aontas Eorpach. Foráiltear iontu do dhoiciméid riaracháin poiblí a chur ar fáil don phobal chun “aon inneachar is cuma an meán (scríofa ar pháipéar nó stóráilte i bhfoirm leictreonach nó mar thaifeadadh fuaime, físeach nó clos-amhairc) a choimeádann comhlachtaí earnála poiblí do chuspóirí tráchtála nó neamhthráchtála” a athúsáid. Mar sin, is é an prionsabal ginearálta an t-ábhar sin a bheith ar fáil gan bhac, agus má ghearrtar aon taraif beidh sé “teorannaithe do na costais imeallacha a ghabhann lena atáirgeadh, a chur ar fáil agus a scaipeadh” (airt. 6.1).

Go hachomair agus go bunúsach, is “Moladh” é FATDS atá bunaithe ar dhlíthiúlacht íosta nó ar dhlíthiúlacht choibhneasta, bunaithe ar chonarthaí seirbhíse atá anois ann agus ar shonraí (cuimhní aistriúcháin) a ghintear ex profeso. Is ionann an “Moladh” seo agus sonraíocht phraiticiúil den dualgas chun sonraí a ghintear i bhfoirm cuimhní aistriúcháin a chomhroinnt, sonraí a thionscnaítear i seirbhísí aistriúcháin a dhéantar ar conradh do Riaracháin Phoiblí, beag beann ar an meán nó ar an bhformáid.

6. A bhfuil sa Chreat-chomhaontú: an córas bainistíochta maidir le sonraí a aistriú ó chuimhní aistriúcháin a chuirtear chun cinn sa chomhaontú.

Is éard is cuimhne aistriúcháin ann bunachar sonraí teanga a stóráilann go leanúnach aistriúcháin chomhthreomhara a ghineann gairmithe ionas go mbeidh siad in ann iad a úsáid as sin amach chun comhsheasmhacht téarmeolaíochta agus stíle a bhaint

amach, chomh maith le sábháil de bharr meaitseálacha páirteacha nó iomlán idir téacsanna nua agus aistriúcháin atá déanta cheana féin.

Stóir dhigiteacha is ea cuimhní aistriúcháin comhdhéanta de línte téacs ón ábhar sa teanga bhunaidh agus iad ailínithe leis an aistriúchán i dteangacha eile. Is féidir na téacsanna seo a ailíniú go héifeachtach le haonaid aistriúcháin. Déantar na haonaid aistriúcháin a stóráiltear le chéile lena gcoibhéisí a shainmhíniú ar shlite éagsúla (de réir frása, ailt, focail nó grúpa focal srl.), agus de ghnáth is é an deighilt a dhéantar tar éis comhartha poncaíochta a mharcálann an deireadh le habairt nó le haisfhilleadh ailt an deighilteoir is coitianta de réir réamhshocrú i measc na gcóras aistriúcháin ríomhchuidithe.

Is iad príomhfheidhmeanna cuimhní aistriúcháin (TManna feasta) gach moladh nó moltaí páirteacha nó meaitseáil maidir le téarmaí a asbhaint as abairtí agus as comhchordachtaí. I rith an aistriúcháin, cuardaítear deighiltí den teanga foinse i mbunachar sonraí an TM. Má tá deighilt sa teanga foinse i TM ar meaitseáil iomlán nó meaitseáil pháirteach é, molfar an deighilt seo don aistritheoir, mar aon leis an aistriúchán a aisghabhtar ón mbunachar sonraí sin, agus aon fhaisnéis bhreise a sábháladh in éineacht leis an deighilt sin sa bhunachar sonraí. Taispeánann uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe (uirlisí CAT) céimeanna cosúlachta (a dtugtar meaitseálacha neamhbheachta orthu sa tionscal). Sa tionscal aistriúcháin, is féidir leis na meaitseálacha seo a bheith úsáideach d'aistritheoirí sa raon a thosaíonn ag 50%-65% aníos, agus bunaítear praghas-scálaí ar an iarracht a thógann sé frása iomlán nua a aistriú nó frásaí eile a bhfuil moltaí comhchosúla ann agus meaitseálacha céatadán ann dóibh, laistigh den chomhthéacs céanna. Meastar céim chosúlachta 100% a bheith ina mheaitseáil iomlán idir an abairt iarrtha agus abairt chomhionann sa bhunachar sonraí.

TMX (Malartú Cuimhne Aistriúcháin) a thugtar ar an bhformáid saor in aisce chun cuimhní aistriúcháin a mhalartú agus is i leagan 1.4b a bhíonn sé de ghnáth. Is caighdeán XML den chineál DTD (sainmhíniú *cineál doiciméid*) é seo. Ba é coiste OSCAR (Caighdeán Oscailte do Ghabhdán/Ábhar a Cheadaíonn Athúsáid) a chruthaigh é.

Trí fhormaid TMX a chur i bhfeidhm, tá sé níos indéanta do dhaoine nó do chuideachtaí comhoibriú i dtionscadail aistriúcháin. Déanann an fhormaid TMX é níos fusa aistriú ó chóras aistriúcháin ríomhchuidithe amháin go ceann eile, a chuidíonn leis an iomaíochas idir na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus an síorfhorbairt atá á déanamh orthu chun difríocht a dhéanamh ó thaobh a n-iomaitheoirí de. Dála caighdeáin oscailte eile, cuireadh an fhormaid seo i dtoll a chéile chun fadhbanna comhoiriúnachta a laghdú, malartú acmhainní teangeolaíocha a chur chun cinn, malartú sonraí a shimpliú agus nuálaíocht teicneolaíochta a spreagadh dá réir.

Is é aidhm an Chreat-chomhaontaithe seo “creat dea-chleachtais” a bhunú, mar atá sainmhínithe againn anseo, chun sonraí a ghineann Riaracháin Phoiblí Eorpacha i gconarthaí seirbhíse aistriúcháin a fháil, iad a eagrú trí chóras bogearraí NEC TM agus na tionscnaimh láraithe sonraí atá ainmnithe ag an gCoimisiún Eorpach a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le prótacal a ghlacadh maidir le sonraí a dhéanadh Riaracháin Phoiblí a lárú, a úsáid agus a bhuntáiste don tsochaí i gcoitinne agus do na Ballstáit féin, cúnadh chun corpas Sonraí Móra náisiúnta a chruthú agus na codanna a mheasann gach riarachán náisiúnta a bheith ábhartha ar leibhéal Eorpach a chomhroinnt.

Chuige seo, déanfaidh comhlacht inniúil an Stáit i dtrácht lárú sonraí a óstáiltear ar bhonneagair náisiúnta ríomhaire a bhainistiú - mar shampla, an Rúnaíocht Stáit ar leith do Chur Chun Cinn Digiteach - nó an Aireacht inniúil sa Bhallstát i dtrácht. Is féidir na sonraí seo a chomhroinnt, i gcás aontachais leis an gCreat-chomhaontú seo agus má chinneann an t-údarás inniúil é, ar leibhéal níos airde leis an gcomhlacht ábhartha den Choimisiún Eorpach (m.sh. ELRC-Share).

É sin ráite, is é an chéad bheart a dhéanfar sonraí ó chuimhní aistriúcháin a ghineann Riaracháin Phoiblí ar leibhéal náisiúnta a lárú tríd an gComhaontú seo a ghlacadh, agus ina dhiaidh sin, agus dá réir, iad a chomhroinnt le comhlacht pan-Eorpach chun sochair Riaracháin Phoiblí na mBallstát AE eile. Cuirfidh úsáid na mbogearraí “Cuimhne Aistriúcháin Lárnach Náisiúnta agus Eorpach” (NEC TM) an nasc ionchuir/aschuir (I/O) ar fáil do riaracháin, a bheidh in ann a gcuimhní aistriúcháin atá óstáilte ar fhreastalaí

lárnach a stóráil go príobháideach agus iad a chomhroinnt leo siúd a fhéachann lena gcuid oibre a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos saoire ar an leibhéal náisiúnta (aistritheoirí inmheánacha nó díoltóirí seachtracha go tipiciúil), Sonraí Móra a chruthú agus na sonraí is mian leo a roghnú leis an bhfreastalaí lárnach mar a bhfuil an chuimhne aistriúcháin lárnach Eorpach stóráilte.

An gaol le heintéitis phríobháideacha agus sannadh TMX.

I gceist san obair aistriúcháin a dhéanfaidh cuideachtaí tairgeora (díoltóirí), beidh soláthar na gcuimhní aistriúcháin a ghineann siad mar thoradh ar an tseirbhís a chur ar fáil. Chuige sin, san fhógra a bheidh le feiceáil san Iris Oifigiúil den Bhallstát, réigiún nó bardasacht, i. i dtairseach an chonraitheora, ba chóir clásal a chur isteach ag tagairt don NEC TM FATDS, lena n-áirítear an CÓD CPV trína gcinnefar GO NDÉANFAR SONRAÍ NA CUIMHNE AISTRIÚCHÁIN A SHOLÁTHAR DO FHREASTALAÍ AN ÚDARÁIS PHOIBLÍ INNIÚIL le haghaidh na gcuspoirí go bhféadfaí sa todhchaí má mheasann an t-údarás náisiúnta sin é na sonraí sin a chomhroinnt leis an gcomhlacht den Choimisiún Eorpach atá le cinneadh (ELRC-Share nó tionscnamh den sórt céanna, mar shampla).

Don chuspóir seo, cuirfidh na cuideachtaí tairgeora (díoltóirí) na cuimhní aistriúcháin a ghintear ar fáil in éineacht lena gcuid oibre, ag cur prionsabal na neamh-aisghníomhaíochta i bhfeidhm, a chiallaíonn nach féidir éifeachtaí ar gcúl san fhíor-am a bheith ag an gCreat-chomhaontú seo, agus nach mbeidh feidhm ach ag an nádúr ceangailteach seo ó aontachas agus síniú an chláisail trína n-aontaíonn siad na sonraí comhthreomhara a ghin a n-aistriúcháin (TMX nó formáid chomhoiriúnach den sórt céanna) a sheachadadh, in éineacht leis an obair a rinneadh.

7. MAOIN INTLEACHTA AGUS COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE BONN SONRAÍ

Maidir le maoin intleachta, níl aon amhras ach gur sonraí de chuid an Riarthóra Poiblí amach is amach, arb é údar nó bainisteoir an téacs bhunaidh is ábhar don aistriúcháin,

iad aon sonraí a ghintear le linn chomhlíonadh an chonartha, dár bronnadh an t-aistriúchán i dtrácht.

Ní féidir neamhaird a dhéanamh den riachtanas go gcaithfear rialachán maidir le hathúsáid faisnéise poiblí agus oscailt sonraí poiblí a chur san áireamh i bhfianaise gur sna Riaracháin Phoiblí a thionscnaítear formhór na faisnéise.

Mar sin, sannfaidh an tairgeoir (díoltóir) a cheapfar go heisiach agus gan aon teorainn ama nó críochach, cearta aon chineál doiciméid nó sonraí a ghintear go neamhspleách ar a dtacaíocht nó ar a bhformáid, tuiscint, dáileadh agus claochlú san aistriú cearta atáirgthe seo.

Dá réir sin, ní féidir leis an tairgeoir a roghnófar na sonraí a ghinfidh cuimhní aistriúcháin den sórt sin a úsáid d'aon chuspóir bhrabúsach agus ní féidir iad a úsáid ach amháin chun faisnéis a sholáthar más amhlaidh i gcás na hoibre a rinneadh.

Coinníollacha úsáide maidir le maoin intleachta agus bunachar sonraí

Maoin eisiach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh is ea an bunachar sonraí DGT-TM.. Deonaíonn an Coimisiún, saor in aisce agus ar bhonn domhanda, ó thús deireadh thréimhse chosanta na gceart seo, a chearta neamheisiacha ar athúsáideoirí maidir le gach cineál úsáide a chomhlíonann coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh an Choimisiúin den 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid, a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L330 den 14 Nollaig 2011, leathanaigh 39 go 42.

Ní mór don athúsáideoir aon athúsáid den bhunachar sonraí nó de na heilimintí struchtúrtha atá iontu a aithint, agus tá sé faoi oibleagáid foinse na ndoiciméad a úsáideadh a nochtadh: an seoladh gréasáin, dáta an nuashonraithe is déanaí agus úinéireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar na sonraí.

Tá an bunachar sonraí seo optamach, dá bhrí sin, chun leagan NEC TM Ballstáit a phobalú ar an gcéad dul síos.

8. COSAINT SONRAÍ. RIALACHÁN AE 2016/679 AGUS RIALACHÁN 2018/1725 A CHUR I BHFEIDHM.

Maidir le sonraí pearsanta a chaithfear a phróiseáil chun go ndéanfaidh Riarachán Poiblí agus an tairgeoir rathúil conradh a chomhlíonadh, ceanglófar ar an dá pháirtí na Rialacháin Ghinearálta thíos maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 27 Aibreán 2016, chomh maith le comhlíonadh na reachtaíochta reatha stáit ar chosaint sonraí i ngach ceann de na Ballstáit a ghlacann an Creat-chomhaontú seo, chomh maith leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cosaint daoine i gcás institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí den Aontas a dhéanfaidh a sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le scaipeadh sonraí den sórt sin.

CONCLUÍDÍ DEIRIDH.

Ceanglaítear ar an Riarachán Poiblí, mar thionscnóir thionscadal na dteicneolaíochtaí teanga, le cruthú na gcomhardán le haghaidh próiseáil nádúrtha teangacha agus uath-aistriú agus forbairt acmhainní chun Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid (RISP), beartas comhroinnte sonraí a chur i dtoll a chéile agus dúshraith a chur síos le go mbeidh an chomhroinnt seo fírinneach agus éifeachtach i measc na n-eintéiteas ar fad atá páirteach sa phróiseas, trína gcinnteofar, leis, gur féidir le rannpháirtithe sa phróiseas lasmuigh den Riarachán an gealltanais a fháil chun an clásal glactha ina dtairiscintí a shíniú, gealltanais a thabhairt go seachadfar in éineacht lena gcuid oibre na sonraí a gineadh le linn an aistriúcháin (cuimhní aistriúcháin) a fhágann gur tacar acmhainní teangeolaíoch de luach intomhaiste iad dá réir.

TAGAIRTÍ Ferrer-Sapena and others (2011) ina n-alt ar rochtain ar shonraí poiblí; Ferrer-Sapena and Peset (2012) ar shonraí cultúrtha a athúsáid nó Ramos Simón and others (2012) ina staidéar ar thairseacha Eorpacha sonraí.

Sonraí Oscailte a Cheadúnú: A Practical Guide for the Higher Education Funding Council for England (Korn and Oppenheim, 2011). Is fiú an *Guide to Open Data Licensing* (Open Knowledge Foundation, n.d.) agus na treoirlínte a chuir an *Clár Oibre Eorpach Digiteach* (Coimisiún Eorpach, 2010) amach a léamh, leis.